



Pobail a Chónascadh

Leabhrán Eolais



WITH SUPPORT FROM
**Comhairle Contae
Fhine Gall**
Fingal County
Council





**Lónra
Saoráidí
Pobail
Fhine Gall**

Limistéar A

- Lárionad Spóirt Bhaile Brigín
- Ionad Pobail Fhearann an Chaisleáin
- Ionad Pobail Bhaile an Phléimeannaigh
- Saoráidí Pobail Eastát Mhúrn
- Saoráid Ilchuspóireach Óige an Rois
- Ionad Naomh Mhic Cuilinn
- Ionad Pobail an Teachín


Limistéar C

- Ionad Acmhainní Pobail Bhaile an Bhlácaigh
- Ionad Pobail Theach Chainnigh
- Ionad Pobail Chaisleán Cnucha
- Ionad Acmhainní Pobail na Coirre Duibhe
- Ionad Spóirt na Coirre Duibhe
- Ionad Pobail agus Áineasa Bhaile an Díosualaigh
- Ionad Pobail Phlásóg an Dúin
- Ionad Pobail Bhaile an Hartaigh
- Ionad Pobail Bhaile an Huntaigh
- Ionad Pobail Bhaile Lotrail
- Ionad Acmhainní Teaghlaigh Radharc an Chnocháin
- Ionad Pobail agus Óige Radharc an Chnocháin
- Ionad Pobail Mhullach Eadrad
- Ionad Pobail Ongar
- Teach Bhaile an Phaslóigh
- Ionad Pobail Bhaile Fiobail
- Ionad Pobail Bhríde
- Ionad Pobail Bhaile an Tirialaigh

Limistéar B

- Ionad Pobail Choill na nÚll
- Halla Pobail Bhaile Dúill
- Ionad Pobail Dhomhnach Bat Phort Reachrann
- Ionad Pobail Liam Rodgers Fhine Gall
- Ionad Pobail an Tobair Naofa
- Ionad Spóirt agus Fóillíochta Phort Mearnóg
- Ionad Pobail Ghleann na hAbhann

Clliceáil ar an Ionad Pobail atá roghnaithe agat chun dul díreach chuige.



Líonra Saoráidí Pobail Fhine Gall

Pobail a Chónascadh

Aimsigh an lárionad pobail i do cheantar féin

Go raibh maith agat as ár leabhrán Eolais um Chónascadh Pobail a bhailiú. Is éard is mian linn a chur in iúl duit sa leabhrán seo ná na háiseanna agus na seirbhísí atá ar fáil i ngach cearn d'Fhine Gall. Molaimid duit a fháil amach cad atá ar siúl san ionad pobail i do cheantar féin agus chun páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí a chuirtear ar siúl ann, Bíonn rudaí ar siúl le haghaidh gach cineál duine, agus táimid cinnte de go mbeidh tú in ann rud éigin a aimsiú a bhfuil suim agat ann.

An bhfuil a fhios agat go bhfuil breis is milliún duine ann, idir daoine fásta agus leanaí araon, a bhaineann úsáid as ár n-áiseanna pobail gach bliain? Tá an líon seo ag dul i méid de réir mar a thagann fás faoin líon daoine inár bpobal, agus cuirimid fáilte roimh dhaoine nua.

Na buntáistí de bheith ag glacadh páirt

Is iad croilár an phobail ár gcuid lárionad agus freastalaíonn siad ar riachtanais muintir na háite iontu. Tá ról ríthábhachtach acu chun daoine a thabhairt le chéile agus chun aghaidh a thabhairt don scoiteacht toisc go spreagann siad daoine chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí oideachais agus áineasa. Leis na ceangail shóisialta a chruthaíonn daoine inár n-ionaid, cuirtear leis an muintearas agus cabhraíonn siad chun pobail chuimsitheacha a thógáil. Is féidir páirt leis a bheith de thairbhe duit, do do mheabharshláinte, do do shláinte choirp agus do d'fholláine ghinearálta páirt a ghlacadh san ionad pobail is áitiúil duit.

Is mór an ról atá ag an obair dheonach agus ag an mórtas sibhialta sna hionaid phobail uile. B'fhéidir gur mhaith leat obair dheonach a dhéanamh chun cuidiú linn pobail a fheabhsú. Fiosraigh faoi dheiseanna deonacha sa lárionad is áitiúla duit más rud é go bhfuil suim agat ann.

Na bealaí ina n-úsáideann daoine ár n-ionaid

Tagann na daoine a úsáideann na hionaid, agus comhaltaí na n-ionad, le chéile chun:

- bualadh le daoine eile agus chun aithne a chur ar a chéile,
- imeasctha sa phobal;
- faisnéis agus tacaíochtaí a fháil dála seirbhísí réamhscoile,
- páirt a ghlacadh i ngrúpaí agus i ngníomhaíochtaí leithéid an spóirt, an oideachais agus an chultúir.

Is féidir leat an leabhrán seo a léamh ar líne ag www.fingal.ie agus ar láithreáin ghréasáin ár n-ionad pobail go léir. Tá sé ar fáil sa Ghaeilge, sa Fhraincis agus sa Pholainnis chomh maith. Tá súil againn go dtiocfaidh tú ar an fhaisnéis atá uait, agus molaimid duit cuairt a thabhairt ar an ionad pobail i do cheantar féin. Cuirfear fáilte chroíúla romhat ann.

Líonra Saoráidí Pobail Fhine Gall

Cuirtear struchtúr tacaíochta líonraithe sa Líonra Saoráidí Pobail Fhine Gall do bhainisteoirí, don fhoireann agus do na hoibríthe deonacha sna saoráidí pobail go léir i gcontae Fhine Gall. Déanann Líonra Saoráidí Pobail Fhine Gall an obair a dhéantar sna 31 saoráid pobail agus ionad pobail a bhfaigheann tacaíocht ó Chomhairle Contae Fhine Gall a chur chun cinn.

Chun teacht ar thuilleadh eolais, téigh go dtí an leathanach deireanach den leabhrán seo.



Lónra Saoráidí Pobail Fhine Gall

Eolas faoin Lónra

Cuirtear struchtúr tacaíochta líonraithe sa Lónra Saoráidí Pobail Fhine Gall do bhainisteoirí, don fhoireann agus do na hoibrithe deonacha sna saoráidí pobail go léir i gcontae Fhine Gall. Bhunaigh Comhairle Contae Fhine Gall é in 2017

Faoi láthair na huaire tá 60 ball cláraithe leis an Lónra. I measc ár gcomhaltaí áirítear:

- bainisteoirí saoráidí,
- maoirseoirí agus na baill foirne is tábhachtachaí,
- oifigigh dheonacha choiste bainistíochta,
- oibrithe deonacha a oibríonn sna hionaid phobail.

Luach an mhuintearais

Trí bheith páirteach i líonra tugtar deiseanna ar fáil duit chun foghlama, chun fáis agus chun an pobal a fhorbairt.

Conas a chabhróimid lenár mbaill

Líonrú saoráidí

Is féidir le baill a gcuid taithí oibre a roinnt le chéile agus samplaí den dea-chleachtas a mhalartú maidir le bainistíocht ionad pobail lena gcuid comhghleacaithe.

Tugaimid cabhair chun scileanna a roinnt ar fud na n-ionad agus saineolas a sholáthar sa bhainistíocht saoráidí, san airgeadas, sa phleanáil gnó agus cuirimid tacaíochtaí ar fáil ar nós na holiúna agus na forbartha i réimsí amhail an chosaint sonraí nó in athruithe nua sa reachtáíocht.

Rannpháirtíocht i gcomhráite

Glacann na baill páirt i ngrúpaí díospóireachta chun réitigh a fháil le fadhbanna a bhaineann leis na saoráidí agus leis an bpost. Tugann siad cúnaimh chomh maith do bhaill eile le tionscadail cosúil leis an fhorbairt foirne agus ceisteanna faoin gcothabháil saoráidí. Tá fóram againn (grúpa plé) ionas gur féidir le baill an líonra teagmháil a dhéanamh lena chéile chun fadhbanna a réiteach agus chun cur chuige comhoibritheach agus tionscnaimh nua a phlé.

Comhroinnt faisnéise

Cuirtear deiseanna ar fáil do chomhaltaí faisnéis a roinnt idir a chéile. Ligtear dóibh an feidhm is fearr a bhaint as acmhainní dá bharr. Mar shampla, cuirimid faisnéis ar fáil chun cabhrú lenár mbaill luach maith ar airgead a fháil nuair a cheannaíonn siad rudaí agus déanaimid coigilteas suntasach i réimsí amháil an t-árachas agus seirbhísí glantacháin.

Faisnéis ábhartha

Cuirimid faisnéis ar fáil faoi dheiseanna maoinithe agus faoi na cleachtais, na treochtaí agus na teicneolaíochtaí is déanaí sa bhainistiú saoráidí.

Acmhainní

Cuirimid faisnéis, oiliúint agus uirlisí eile ar fáil chun eolas agus scileanna sa bhainistiú saoráidí a fheabhsú.

An oiliúint agus an fhorbairt

Is féidir le comhaltaí páirt a ghlacadh sna Máistir-Ranganna a chuirtear ar fáil trí Chomhairle Contae Fhine Gall ar ábhair éagsúla, lena n-áirítear na hábhair ag seo a leanas:

- an reachtaíocht,
- an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS),
- an inbhuanaitheacht,
- an fhorbairt straitéiseach,
- an fhorbairt ghrúpa,
- an mheantóireacht,
- an tsláinte agus Sábháilteacht.

Reáchtáiltear Máistir-Ranganna Chomhairle Contae Fhine Gall i gcomhar leis an Ollscoil Teicneolaíochta (OT) Bhaile Bhlainséir agus cuirtear siad oiliúint mhaoinithe ar fáil do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí pobail iontu.

Oiliúint eile

Reáchtálann ár n-oifig forbartha pobail oiliúint ar leith freisin, ag brath ar an éileamh, mar shampla an oiliúint bainistíochta saoráide, conas cur isteach ar mhaoiniú agus an fhorbairt straitéiseach.

Lárionad Spóirt Bhaile Brigín

Iomaire na Giúise, Sráid an tSéipéil, Baile Thancaird, Baile Brigín,
Co. Bhaile Átha Cliath K32HE19

t: 01 841 2388 r: lorrainekelly@ddletbys.ie



Eolas faoinár n-ionad

Is áis í an lárionad spóirt a chomhroinntear le Coláiste Pobail Bhaile Brigín a úsáideann an lárionad spóirt le linn na scoilbhliana. Tá an lárionad spóirt ar oscailt don phobal ó 5 pm go dtí 10 pm san iarnóin i rith na seachtaine agus ar feadh an lae ar fad Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh. Cuir áit in áirithe roimh ré le do thoil.

Is mian linn go mbeidh an lárionad ina mhol dearfach do mhuintir Bhaile Brigín chun gach duine dóibh a ligeann chun páirt a ghlacadh:

- sa spórt,
- san fhóillíocht,
- san fhorbairt phobail,
- i seirbhísí oideachasúla agus áineasa

Chun tuilleadh eolais a fháil, tá fáilte romhat gaoch a chur orainn nó cuairt a thabhairt orainn agus tabharfaimid clár ama duit, agus taispeánfaimid conas áirithintí a dhéanamh le haghaidh gníomhaíochtaí. Bímid i gcónaí sásta fáilte a chur roimh daoine a thagann den chéad uair ionas gur féidir linn an pobal a fheabhsú ar mhaithe le gach uile dhuine ann.

Conas dul ann

Is féidir leat siúl ann, dul ann ar rothar, tiomáint ann (**páirceáil saor in aisce**) nó bus nó traen a fháil chun dul ann.

Bus: 101, 33, 33A, 191, 192, 195.

Traen: Stáisiún Bhaile Brigín

Cad is féidir leat a fháil inár n-ionad

| Saoráid | Cur Síos |
|------------------------------|--|
| Seomra cruinnithe meánmhéide | Tá an seomra seo oiriúnach do raon leathan de ghníomhaíochtaí do gach aois, lena n-áirítear: ealaíona agus ceardaíocht, an oiliúint, cruinnithe agus mar sin de. |
| Halla spóirt | Tá an halla spóirt oiriúnach do go leor spóirt, lena n-áirítear an badmantan (ceithre chúirt), an chispheil, an eitpheil (oiriúnach don tsraith shinsearach), sacar futsal agus go leor spóirt eile. Tá áiléar féachana ann chomh maith. |
| Balla dreapadóireachta | Tá an t-aon bhalla dreapadóireachta faoi dhíon amháin i dtuaisceart chontae Bhaile Átha Cliath suite sa halla spóirt. Tá an balla dreapadóireachta ar fáil ar cíos do dhaoine agus do ghrúpaí |
| Seomra aclaíochta | Tá seomra aclaíochta ar fáil do ghrúpaí a bhfuil an oiliúint cuí acu. |
| Seomraí gléasta | Tá seomraí gléasta curtha ar fáil againn. |

Na bealaí ina n-úsáideann daoine ár n-ionad

Ag seo, samplaí de shlite ar féidir le daoine agus grúpaí éagsúla ár n-ionad a úsáid. Seans go mbeadh sé ina údar spreagtha duit!

| | | |
|-----------------------|---------------------------|-------------------------------|
| Gníomhaíochtaí pobail | Gníomhaíochtaí aclaíochta | Réimse leathan gníomhaíochtaí |
| Cruinnithe pobail | Halla spóirt scoile | Grúpaí Óige |

05


Stair an ionaid

Tógadh an tIonad in 2018 le maoiniú a fuair Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOBACDL) ó Chomhairle Contae Fhine Gall. Is é BOOBACDL a dhéanann Lárionad Spóirt Bhaile Brigín a bhainistiú ag obair i gcomhpháirtíocht le maoinitheoirí, le Comhairle Contae Fhine Gall agus le Pobal.



Ionad Pobail Fhearann an Chaisleáin

Fearann an Chaisleáin, Baile Átha Cliath, Co. Bhaile Átha Cliath K32 KK33
t: 01 690 5168 r: info@castlelandcc.ie gréasáin: www.castlelandcc.ie



Eolas faoinár n-ionad

Tá Ionad Pobail Fhearann an Chaisleáin ar oscailt seacht lá in aghaidh na seachtaine agus bíimid i gcónaí ag lorg smaointe nua le gníomhaíochtaí agus imeachtaí a d'fhéadfaidís a chur ar siúl. Táimid ag iarraidh fás agus forbairt sna blianta beaga atá amach romhainn agus leanfaimid ar aghaidh mar ionad bríomhar agus uileghabhálach do gach uile duine sa cheantar áitiúil. Téimid i dteagmháil go rialta leis an muintir na háite chun feabhas a chur ar an tseirbhís ilghnéitheach atá curtha ar fáil againn.

Táimid ag iarraidh gurbh áit dhearfach í an t-ionad don phobal ina mbeadh seans ag gach aon duine páirt a ghlacadh:

- sa spórt,
- san fhóillíocht,
- san fhorbairt phobail,
- i seirbhís oideachasúla agus áineasa

Téigh i dteagmháil má tá aon cheisteanna agat maidir le háirithint nó má tá aon aiseolas agat, toisc go bhfuilimid i gcónaí ag iarraidh do bharúil a chloisteáil.

Conas dul ann

Is féidir leat siúl ann, dul ann ar rothar, tiomáint ann (**páirceáil saor in aisce**) nó bus nó traena a fháil chun dul ann.

Bus: Seirbhís Bhaile Brigín 101, 101x, 191.

Traena: Stáisiún Bhaile Brigín

Cad is féidir leat a fháil inár n-ionad

| Saoráid | Cur Síos |
|----------------------------|---|
| Halla mór spóirt | Cúirteanna marcáilte, líonta cispheile, fonsaí oiliúna sóisearacha, 300 cathaoir, mataí gníomhaíochta. Is féidir é a roinnt ina dhá |
| Seomraí cruinnithe | I measc na n-áiseanna breise atá ar fáil ar cíos, tá rochtain le fáil ar an idirlíon. Oiriúnach d'ealaíona agus ceardaíocht, don oiliúint, do chruinnithe agus do réimse ilghnéitheachde |
| Áis Chúraim Leanáí | Réamhscoil. |
| Stiúideo Damhsa | Tá scátháin balla-go-balla agus urlár géilleach (maolaithe turrainge) sa seomra seo atá oiriúnach do ghníomhaíochtaí damhsa agus aclaíochta. Is féidir leis an seomra seo freastal ar seisiúin oiliúna agus ar chruinnithe. Tá cathaoireacha agus táblaí ar fáil freisin. |
| Páirc shaorga uile-aimsire | Ar fáil le haghaidh spóirt allamuigh. |
| Comharthaíocht sa Bhraille | Ar na comharthaí treochta agus na comharthaí dorais uile. |

Na bealaí ina n-úsáideann daoine ár n-Ionad

Ag seo, samplaí de shlite ar féidir le daoine agus grúpaí éagsúla ár n-ionad a úsáid. Seans go mbeadh sé ina údar spreagtha duit!

| | | |
|--------------------|------------------|-------------------|
| Oideachas aosach | Damhsa | Clubanna Spóirt |
| Cóisirí lá breithe | An Aclaíocht | Grúpaí tacaíochta |
| Cúram Leanáí | Spóirt allamuigh | |

Stair an ionaid

Tógadh an tIonad Pobail in 2017 mar chuid de Shamail Scoileanna Fhine Gall. Roinneann sé an campas le Coláiste Pobail Ard Giolláin.



Téigh ar ais go dtí an léarscáil

Ionad Pobail Bhaile an Phléimeannaigh

Lána na Gráige, Cloch Ruairí, Co. Bhaile Átha Cliath K32 HD28

t: 01 841 5070 r: info@flemingtoncc.ie gréasáin: www.flemingtoncc.ie



Eolas faoinár n-ionad

Tá Ionad Pobail Bhaile an Phléimeannaigh ar oscailt seacht lá in aghaidh na seachtaine. Bíimid i gcónaí ag lorg smaointe nua le gníomhaíochtaí agus imeachtaí a d'fhéadfaidís a chur ar siúl. Táimid ag súil leis, san ionad pobail, go mbeimid ag fás sna blianta amach romhainn agus go leanfar linn de bheith gnóthach, bríomhar agus cuimsitheach, agus sin ag cur na seirbhísí seo a leanas ar fáil don phobal:

- spórt,
- san fhóillíocht
- san fhorbairt phobail,
- i seirbhísí oideachasúla agus áineasa

Cén fáth nach dtagann tú isteach chun caint linn, toisc go mbeidh rud éigin ann ina mbeadh suim agat ann, cinnte dearfa.

Téigh i dteagmháil linn má tá aon cheisteanna agat maidir le háirithe agus ná bí doicheall ort páirt a ghlacadh in aon cheann dár ngníomhaíochtaí.

Conas dul ann

Is féidir leat siúl ann, tiomáint ann (**páirceáil saor in aisce**) nó bus nó traen a fháil chun dul ann.

Bus Éireann: Seirbhís Bhaile Brigín, Uimhir B1.

Bus Átha Cliath: 33

Traen: Stáisiún Bhaile Brigín



Téigh ar ais go dtí an léarscáil

Cad is féidir leat a fháil inár n-ionad

| Saoráid | Cur Síos |
|----------------------------|--|
| Halla mór spóirt | Cúirt cispheile lánmhéide agus scórchlár ag gabháil léi, páirc sacair faoi dhíon, fonsaí oiliúna sóisearacha, páirc sacair faoi dhíon, badmantan, agus cúirteanna leadóige agus mataí gníomhaíochta. Tá 300 cathaoir ar fáil le haghaidh grúpaí móra. Is féidir é a roinnt |
| Seomraí cruinnithe | Oiriúnach d'ealaíona agus ceardaíocht, do chóisirí linbh, don oiliúint, do chruinnithe agus do réimse ilghnéitheach de Ghrúpaí éagsúla. Is féidir leat foc as rochtain ar an idirlíon a fháil. |
| Áis Chúraim Leanaí | Club bricfeasta, grúpa réamhscoile agus grúpa iarscoile. |
| Stiúideo Damhsa | Tá scátháin ballaí go balla agus urlár géilleach (maolaithe turrainge) sa seomra seo atá oiriúnach do ghníomhaíochtaí damhsa agus aclaíochta. Is féidir leis an seomra seo freastal ar raon de riachtanais oiliúna agus cruinnithe chomh maith. Is |
| Comharthaíocht sa Bhraille | Ar na comharthaí treochta agus na comharthaí dorais uile. |

09

Na bealaí ina n-úsáideann daoine ár n-ionad

Ag seo, samplaí de shlite ar féidir le daoine agus grúpaí éagsúla ár n-ionad a úsáid. Seans go mbeadh sé ina údar spreagtha duit!

| | | |
|--------------------|-----------------------------|-----------------------|
| Oideachas aosach | Ranganna teagaisc do leanaí | Ranganna teanga |
| Ranganna ealaíne | Grúpaí eaglaise | Clubanna spóirt |
| Ranganna bailé | Damhsa | Campaí samhraidh |
| Cóisirí lá breithe | Drámaíocht | Grúpaí tacaíochta |
| Cúram Leanaí | Sláinte agus Folláine | Bainistíocht meáchain |

Stair an ionaid

Osclaíodh an tIonad Pobail in 2012 mar chuid de Shamhail Scoileanna Fhine Gall agus tá sé suite sa champas céanna ina bhfuil Ionad Oideachais Chaisleán na Muilinn agus Scoil Ag Foghlaim le Chéite Bhaile Brigín.



Téigh ar ais go dtí an léarscáil

Saoráidí Pobail Eastát Mhúrn

32 Páirc Bheanna Boirche, Páirceanna an Bhaile, na Sceirí,
Co. Bhaile Átha Cliath, K34 RX40

t: 01 849 5270 r: mermaskerries@gmail.com



Eolas faoinár n-ionad

Tá Saoráidí Pobail Eastát Mhúrn ar oscailt seacht lá in aghaidh na seachtaine, ag brath ar an éileamh, agus is féidir leis freastal ar raon de ghníomhaíochtaí. Ní ach lárionad beag atá againn anseo, ach tá tionchar follasach againn fós féin.

Is mian linn go mbeidh an lárionad ina mhol dearfach do mhuintir na Sceirí chun gach duine dóibh a ligeann chun páirt a ghlacadh:

- sa spórt,
- san fhóillíocht,
- san fhorbairt phobail,
- i seirbhísí oideachasúla agus áineasa

Chun tuilleadh eolais a fháil, tá fáilte romhat glaocha a chur orainn nó cuairt a thabhairt orainn agus tabharfaimid clár ama duit, agus taispeánfaimid conas áirithintí a dhéanamh le haghaidh gníomhaíochtaí. Bímid i gcónaí sásta fáilte a chur roimh daoine a thagann den chéad uair ionas gur féidir linn an pobal a fheabhsú ar mhaithe le gach uile dhuine ann.

Conas dul ann

Is féidir leat siúl ann, dul ann ar rothar, tiomáint ann (**páirceáil saor in aisce**) nó bus a fháil chun dul ann.

Bus: 33, 33a. Tuirling ag an stad ag Timpeallán Chúirt Sheilsceire.

Cad is féidir leat a fháil inár n-ionad

| Saoráid | Cur Síos |
|--------------------------|---|
| Seomraí cruinnithe | Oiriúnach d'ealaíona agus ceardaíocht, don oiliúint, do chruinnithe, do ghníomhaíochtaí óige agus do réimse |
| Tionscadal Cúraim Leanaí | Montessori gach uile mhaidin i rith an téarma scoile. |

Na bealaí ina n-úsáideann daoine ár n-ionad

Ag seo, samplaí de shlite ar féidir le daoine agus grúpaí éagsúla ár n-ionad a úsáid. Seans go mbeadh sé ina údar spreagtha duit!

| | | |
|------------------|-------------------------|-------------------------|
| Oideachas aosach | Grúpaí eaglaise | Cruinnithe cónaitheoirí |
| Cúram Leanaí | Forbairt pobail | Club sacair |
| Oideachas leanaí | Tionscadal óige Foróige | Grúpaí Óige |

Stair an ionaid

Is le Comhairle Contae Fhine Gall Saoráidí Pobail Eastát Mhúrn agus tógadh í in 2003.



Saoráid Ilchuspóireach Óige an Rois

Bruach an Mhuilinn, an Ros, Co. Bhaile Átha Cliath.

t: 01 843 9349 / 01 807 1506 r: info@rushcoco.ie gréasán: www.rmyf.ie



Eolas faoinár n-ionad

Tá Saoráid Ilchuspóireach Óige an Rois oscailte don phobal sé lá in aghaidh na seachtaine, ag brath ar an éileamh. Is é an cuspóir príomha atá againn ná freastal ar riachtanais leanaí agus daoine óga atá ina gcónaí sa gceantar áitiúil. Tá súil againn ár n-áis a leathnú chun freastal ar riachtanais athraitheacha ár n-úsáideoirí.

Táimid ag iarraidh gurbh áit dhearfach í an t-ionad do gach aon duine, chun páirt a ghlacadh:

- sna hEalaíona, Cultúr, Ceol agus Scannán
- san fhóillíocht,
- san fhorbairt phobail,
- i seirbhísí oideachasúla agus áineasa

Chun tuilleadh eolais a fháil, tá fáilte romhat gaoch a chur orainn nó bualadh isteach le haghaidh cupán caife, agus tabharfaimid clár ama duit, agus taispeánfaimid conas áirithintí a dhéanamh le haghaidh gníomhaíochtaí. Bímid i gcónaí sásta fáilte a chur roimh daoine a thagann den chéad uair ionas gur féidir linn an pobal a fheabhsú ar mhaithe le gach uile dhuine ann.

Conas dul ann

Is féidir leat siúl ann, dul ann ar rothar, tiomáint ann (**páirceáil saor in aisce**) nó bus a fháil chun dul ann.

Bus: 33 agus 33a. Tuirling ag an stad ar Bhóthar Bhaile an Fhaoitigh. Tá sé thart ar chúig nóiméad de shiúl ón stad.

Cad is féidir leat a fháil inár n-ionad

| Saoráid | Cur Síos |
|--|---|
| Trí sheomra cruinnithe do ghrúpaí beaga (10 daoine) agus do ghrúpaí níos mó (25 duine) | Oiriúnach do chruinnithe, don oideachas agus oiliúint, do ghníomhaíochtaí óige, d'ealaíona agus ceardaíocht agus do ghníomhaíochtaí eile chomh maith. |
| Caifé | 9 rn go 4 in, Luan go hAoine. |
| Spás amuigh faoin spéir | Spás mór amuigh faoin spéir sa chúil. |

Na bealaí ina n-úsáideann daoine ár n-ionad

Ag seo, samplaí de shlite ar féidir le daoine agus grúpaí éagsúla ár n-ionad a úsáid. Seans go mbeadh sé ina údar spreagtha duit!

| | | |
|---|---|---|
| Ealaíon d'Aosaigh | Grúpa óige Foróige | Tascfhórsa Drugaí Réigiúnach |
| Ranganna ealaíne | Ranganna Francise | Rinceoil (ceol traidisiúnta na hÉireann) |
| Club ceamara | Cruinnithe faisnéise áitiúla | Mic léinn Idirbhliana Meánscoil Naomh Seosamh |
| Cruinnithe pobail | Aireachas | Tacaíocht / Faisnéis |
| Seirbhís Comhairleoireachta | Íoga do mhamaí agus a babáí | Leadóg bhoird |
| Tionscadal tacaíochtaí drugaí agus alcóil Cúis | Tionscadal óige Chósta Bhaile Átha Cliath Thuaidh | Cumainn áitritheoirí éagsúla |
| Fáilte Isteach (chun fáilte a chur roimh imircigh trí ranganna comhrá Béarla) | Íoga iompar clainne | Caifé óige |

13

Stair an ionaid

Áis Óige Ilchuspóireach an Rois Bunaíodh CLG i mí na Nollag 2013 mar Chuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta. Bunaíodh é chun an tsaoráid a bhainistiú agus tá sé dírithe ar freastal ar riachtanais daoine fásta, leanaí agus daoine óga atá ina gcónaí sa Ros a chomh maith le riachtanais shóisialta eile atá sa cheantar áitiúil.



Téigh ar ais go dtí an léarscáil

Ionad Naomh Mhic Cuilinn

Bóthar an Teampaill, Lusca, Contae Bhaile Átha Cliath. K45 VE83
t: 01 895 4180 r: cottagecommunitycentre@yahoo.com



ST MACULLINS
CENTRE



Eolas faoinár n-ionad

Tá Ionad Naomh Mhic Cuilinn oscailte don phobal ó Luan go hAoine, ag brath ar an éileamh. Táimid lonnaithe in aice le hIonad Pobail an Teachín agus faoi láthair na huairé táimid ag úsáid an spás ilchuspóireach atá againn chun drámaíocht, lóga, cór pobail agus grúpaí óige a chur ar fáil. Táimid ag iarraidh gurbh áit dhearfach í an t-ionad don phobal ina mbeadh seans ag gach aon duine páirt a ghlacadh:

- san fhóillíocht,
- san fhorbairt phobail,
- i seirbhísí oideachasúla agus áineasa

Chun tuilleadh eolais a fháil, tá fáilte romhat glaoch a chur orainn nó cuairt a thabhairt orainn agus tabharfaimid clár ama duit, agus taispeánfaimid conas áirithintí a dhéanamh le haghaidh gníomhaíochtaí. Bíonn fáilte roimh dhaoine a thagann den chéad uair, i gcónaí.

Conas dul ann

Is féidir leat siúl ann, dul ann ar rothar, tiomáint ann (**páirceáil saor in aisce**) nó bus a fháil chun dul ann.

Bus: 33, 33n, 33x. Tuirling ag Bóthar Stáisiún Lusca.

Traein: 20 nóiméad siúil ó Stáisiún an Rois agus Lusca

Cad is féidir leat a fháil inár n-ionad

| Saoráid | Cur Síos |
|---------------------|--|
| Spás Ilchuspóireach | Tá an spás oiriúnach do réimse leathan gníomhaíochtaí ar nós cruinnithe do chumainn chónaitheacha, clubanna spóirt, ealaíon agus ceardaíocht, oiliúint agus gníomhaíochtaí éagsúla |

Na bealaí ina n-úsáideann daoine ár n-Ionad

Ag seo, samplaí de shlite ar féidir le daoine agus grúpaí éagsúla ár n-ionad a úsáid. Seans go mbeadh sé ina údar spreagtha duit!

| | | |
|-----------------------|-----------------------|---------|
| Grúpaí larscoile | Cruinnithe pobail | An Ceol |
| Gníomhaíochtaí leanaí | Sláinte agus Folláine | Ióga |
| Grúpaí pobail | | |

Stair an ionaid

Is foirgneamh liostaithe i gcroílár bhaile meánaoiseach Lusca é Ionad Mhic Cuilinn agus tá sé in aice leis an gcloigtheach, séadchomhartha náisiúnta a théann siar go dtí an 9ú haois Is le Comhairle Contae Fhine Gall an t-ionad agus déanann Comhairle Phobail Lusca bainistíocht air faoi cheadúnas bainistíochta.



Ionad Pobail an Teachín

Bóthar an Teampaill, Lusca, Contae Bhaile Átha Cliath. K45 VE83
t: 01 895 4180 r: cottagecommunitycentre@yahoo.com



Eolas faoinár n-ionad

Tá Ionad Pobail an Teachín ar oscailt don phobal ó Luan go Satharn, ag brath ar an éileamh. Táimid suite láimh le hIonad Naomh Mhic Cuilinn Táimid ag iarraidh gurbh áit ionchuimsitheach dhearfach í an t-ionad don phobal ina mbeadh seans ag gach aon duine páirt a ghlacadh:

- san fhóillíocht,
- san fhorbairt phobail,
- i seirbhísí oideachasúla agus áineasa

Chun tuilleadh eolais a fháil, tá fáilte romhat glaoch a chur orainn nó cuairt a thabhairt orainn agus tabharfaimid clár ama duit, agus taispeánfaimid conas áirithintí a dhéanamh le haghaidh gníomhaíochtaí. Bíonn fáilte roimh dhaoine a thagann den chéad uair, i gcónaí.

Conas dul ann

Is féidir leat siúl ann, dul ann ar rothar, tiomáint ann (**páirceáil eas-sráide**) nó bus a fháil chun dul ann

Bus: 33, 33n, 33x. Tuirlinging ag Bóthar Stáisiún Lusca.

Traein: 20 nóiméad siúil ó Stáisiún an Rois agus Lusca



Téigh ar ais go dtí an léarscáil

Cad is féidir leat a fháil inár n-ionad

| Saoráid | Cur Síos |
|---------------------------------|---|
| 2 sheomra cruinnithe meánmhéide | Tá an spás oiriúnach do réimse leathan gníomhaíochtaí ar nós cruinnithe do chumainn chónaitheacha, clubanna spóirt, ealaíon agus ceardaíocht, oiliúint agus gníomhaíochtaí éagsúla don aos óg. Wi-Fi agus teilgeoirí ar fáil. |
| Gairdín Pobail | Áit le haghaidh machnaimh curtha ag baill dár gclub óige. |

Na bealaí ina n-úsáideann daoine ár n-ionad

Ag seo, samplaí de shlite ar féidir le daoine agus grúpaí éagsúla ár n-ionad a úsáid. Seans go mbeadh sé ina údar spreagtha duit!

| | | |
|------------------------------|---------------------------------------|-------------------|
| Seandaoine gníomhacha | Grúpaí drámaíochta | Cruinnithe Poiblí |
| Sláinte agus folláine leanaí | Ceachtanna giotáir do leanaí | Cuilteáil |
| Cóisirí leanaí | Rince Gaelach | Tai Chi |
| An fhuáil do leanaí | Cruinnithe | Grúpaí Óige |
| Imeachtaí Pobail | Grúpa do thuismitheoirí agus naíonáin | |

17

Stair an ionaid

Osclaíodh Ionad Pobail an Teachín i Lusca go hoifigiúil i mí Dheireadh Fómhair 2017. Tá sé suite i gcroílár bhaile meánaoiseach Lusca, in aice leis an gcloigtheach, séadchomhartha náisiúnta a théann siar go dtí an 9ú haois Déanann foireann atá maoinithe faoi Scéim Fostaíochta Pobail é a bhainistiú. Is le Comhairle Contae Fhine Gall an t-ionad agus déanann Comhairle Phobail Lusca bainistíocht air faoi cheadúnas bainistíochta.



Ionad Pobail Choill na nÚll

Síneadh Radharc an Chaisleáin, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath K67 P7V2
t: 01 807 9582 r: info@applewoodcc.ie gréasáin: www.applewoodcc.ie



Eolas faoinár n-ionad

Tá Ionad Pobail Choill na nÚll ar oscailt seacht lá in aghaidh na seachtaine agus bíimid i gcónaí ag lorg smaointe nua le gníomhaíochtaí agus imeachtaí a d'fhéadfaidís a chur ar siúl. Is mian linn go mbeidh an lárionad ina mhol dearfach do mhuintir na háite chun gach duine dóibh a ligean chun páirt a ghlacadh:

- sa spórt,
- san fhóillíocht,
- san fhorbairt phobail,
- i seirbhísí oideachasúla agus áineasa

Chun tuilleadh eolais a fháil, tá fáilte romhat glaoch a chur orainn nó cuairt a thabhairt orainn agus tabharfaimid clár ama duit, agus taispeánfaimid conas áirithintí a dhéanamh le haghaidh gníomhaíochtaí. Bíimid i gcónaí sásta fáilte a chur roimh daoine a thagann den chéad uair ionas gur féidir linn an pobal a fheabhsú ar mhaithe le gach uile dhuine ann.

Conas dul ann

Is féidir leat siúl ann, dul ann ar rothar, tiomáint ann (**páirceáil saor in aisce**) nó bus a fháil chun dul ann.

Bus: 41, 41A, 41B, 41C, Mearbhus Shoirde.

Tuirling ag Bóthar Ráth Béil nó ag Teachín Ráth Béil.



Téigh ar ais go dtí an léarscáil

Cad is féidir leat a fháil inár n-ionad

| Saoráid | Cur Síos |
|----------------------------|---|
| Halla mór spóirt | Cúirt cispheile lánmhéide, páirc sacair faoi dhíon, ceithre chúirt badmantan, ceithre chúirt leadóige agus mataí gníomhaíochta. Tá 300 cathaoir againn le haghaidh chruinnithe móra Is féidir an halla a roinnt ina dhá chuid. |
| Trí sheomra cruinnithe | Oiriúnach d'ealaíona agus ceardaíocht, don oiliúint, do chruinnithe agus do réimse ilghnéitheach de Ghrúpaí éagsúla. Tá na seomraí seo oiriúnach do ghníomhaíochtaí óige go háirithe. I measc na n-áiseanna breise atá ar fáil ar cíos, tá rochtain |
| Áis Chúraim Leanaí | Club bricfeasta, seirbhísí réamhscoile agus iarscoile. |
| Stiúideo Damhsa | Tá scátháin balla-go-balla agus urlár géilleach (maolaithe turrainge) sa seomra seo atá oiriúnach do raon leathan de ghníomhaíochtaí damhsa agus aclaíochta. Is féidir leis freastal ar raon de riachtanais oiliúna agus cruinnithe chomh maith. Tá cathaoireacha agus táblaí ar fáil ach iad a iarraidh. |
| Comharthaíocht sa Bhraille | Ar na comharthaí treochta agus na comharthaí dorais uile. |

Na bealaí ina n-úsáideann daoine ár n-ionad

Ag seo, samplaí de shlite ar féidir le daoine agus grúpaí éagsúla ár n-ionad a úsáid. Seans go mbeadh sé ina údar spreagtha duit!

| | | |
|---------------------------|-------------------------------------|------------------------------|
| Ealaíona agus Ceardaíocht | Ranganna drámaíochta | Cóitseáil sa sacar |
| Badmantan | Ranganna aclaíochta | Grúpaí tacaíochta |
| Cispheil | Grúpaí peile | Leadóg bhoird |
| Cóisirí lá breithe | Grúpa sóisialta do mhná | Spóirt phobail éagsúla |
| Oideachas leanaí | Ealaíona comhraic | Cumainn áitritheoirí éagsúla |
| Grúpaí eaglaise | Grúpa do thuismitheoirí agus páistí | Ióga teaghlaigh agus leanaí |
| Ranganna damhsa | Pilates | Grúpaí Óige |

Stair an ionaid

D'oscail an t-ionad pobail go luath in 2013 mar chuid de Shamhail Scoileanna Fhine Gall. Tá sé an suite sa champas céanna ina bhfuil e Gaelscoil Bhrian Bóroimhe agus Scoil Ag Foghlaim le Chéile Shoid.



Halla Pobail Bhaile Dúill

An tSráid Mhór, Baile Dúill, Baile Átha Cliath 13 D13 KK55

t: 01 839 5338 r: info@baldoyleforum.ie gréasán: www.baldoyleforum.ie



Eolas faoinár n-ionad

Tá Halla Pobail Bhaile Dúill ar oscailt seacht lá in aghaidh na seachtaine ag brath ar an éileamh agus is féidir leis freastal ar réimse leathan gníomhaíochtaí. Ar an meán, bíonn breis is 50,000 cuairteoir againn in aghaidh na bliana. Ina measc siúd, tá daoine de gach uile aois, cumas agus eitneachas agus cuireann ár bpobal fáilte roimh chách. Is mian linn go mbeidh an lárionad ina mhol dearfach do mhuintir na háite chun gach duine dóibh a ligean chun páirt a ghlacadh:

- sa spórt,
- san fhóillíocht,
- san fhorbairt phobail,
- i seirbhísí oideachasúla agus áineasa

Tá fáilte romhat bualadh isteach chun amchlár a fháil agus chun fáil amach cad iad na gníomhaíochtaí atá ar siúl ann. Taispeánfaimid duit conas áirithintí a dhéanamh le haghaidh gníomhaíochtaí. Ná bíodh drogall ort triail a bhaint as imeacht nó rang den chéad uair.

Conas dul ann

Is féidir leat siúl ann, dul ann ar rothar, tiomáint ann (**páirceáil saor in aisce**) nó bus nó traen a fháil chun dul ann.

Bus: 29A, 102, 32,32A. Más ar an 29A atá tú, tuirling ag Halla Bhaile Dúill. Chun an 102, 32, nó an 32A a fháil, tuirling ag Bóthar Willie Nolan.

Stáisiún DART: Cill Fhionntain, Cois Bá agus Cluain Ghrífin.



Cad is féidir leat a fháil inár n-ionad

| Saoráid | Cur Síos |
|--------------------------|---|
| Halla spóirt meánmhéide | Tá raon fairsing de ghníomhaíochtaí spóirt, aclaíochta agus áineasa le déanamh sa halla spóirt. |
| Seomraí cruinnithe | Oiriúnach d'ealaíona agus ceardaíocht, don oiliúint, do chruinnithe agus do réimse leathan gníomhaíochtaí éagsúla |
| Tionscadal cúraim leanaí | Tá réamhscoil lonnaithe inár n-áitreabh. |
| Spás oifige | Spás oifige don phobal agus do ghrúpaí ón gceantar áitiúil. |

Na bealaí ina n-úsáideann daoine ár n-ionad

Ag seo, samplaí de shlite ar féidir le daoine agus grúpaí éagsúla ár n-ionad a úsáid. Seans go mbeadh sé ina údar spreagtha duit!

| | | |
|-------------------|------------------------------|---------------------------------------|
| Scor gníomhach | Rince - líne, Rince Gaelach, | Montessori |
| Ranganna ealaíne | Ranganna drámaíochta | Pilates |
| An tSíciteiripe | Teiripe drámaíochta | Suathaireacht do leanaí |
| Tai Chi | Ranganna Béarla | Siel Bleu: Aclaíocht do dhaoine aosta |
| Bailé | Ensemble Fhine Gall | Tacaíochtaí don néaltrú |
| Club ceamara | Garchabhair | Bothán na bhFear Bhaile |
| Ióga cathaoireach | Zumba | Gníomhaíochtaí folláine |
| Cóir | Ióga Hatha | Sraithchomórtas aclaíochta |
| Ranganna sa | Teiripe iomlánaíoch | |

Stair an ionaid

Tá an Halla Pobail curtha ar siúl faoi cheannas bhoird oibrithe deonacha áitiúla an ó 1996 i leith agus is le Comhairle Contae Fhine Gall é. Is lárionad féinmhaoinithe sinn go príomha agus bímid ag brath ar ranníocaíochtaí seirbhíse ár n-úsáideoirí chun na costais reatha a chlúdach. Cuireann foireann TUS agus CE (cláir fostaíochta pobail) go mór leis an ionad trí chabhrú a thabhairt dó na costais reatha a choinneáil íseal agus fostaíocht thacúil a chur ar fáil do dhaoine atá ag iarraidh post a fháil arís.



Ionad Pobail Dhomhnach Bat Phort Reachrann

Bóthar Phort Reachrann, Dhomhnach Bat, Co. Bhaile Átha Cliath, K36 F598

t: 01 843 4546 r: jacinta.lowndes@dpcc.ie

gréasáin: www.donabatecommunitycentre.com



Eolas faoinár n-ionad

Táimid ar oscailt seacht lá in aghaidh na seachtaine agus bíonn Coláiste Pobail Dhomhnach Bat ag úsáid ár halla spóirt le linn uaireanta scoile. Más mian leat bualadh le daoine nua, caife a fháil, an páipéar a léamh, feabhas a chur ar do chuid sláinte nó scil nua a fhoghlaim, is é Ionad Pobail Dhomhnach Bat Phort Reachrann an áit duit. Is é ár misean ná timpeallacht shábháilte agus fáilteach a chur ar fáil don phobal áitiúil chun páirt a ghlacadh:

- sa spórt,
- san fhóillíocht,
- san fhorbairt phobail,
- i seirbhísí oideachasúla agus áineasa

Ná bí drogall ort glaach isteach, níos mó a fhoghlaim agus páirt a ghlacadh i gcuid dár ngníomhaíochtaí. Téigh i dteagmháil linn chun eolas a fháil ar conas seomraí a chur in áirithe.

Conas dul ann

Is féidir leat siúl ann, dul ann ar rothar, tiomáint ann (**páirceáil saor in aisce**) nó bus a fháil chun dul ann.

Bus: 33B. Tuirling ag stad Somerton.

Traein: Stáisiún Dhomhnach Bat



Téigh ar ais go dtí an léarscáil

Cad is féidir leat a fháil inár n-ionad

| Saoráid | Cur Síos |
|--|---|
| Seomraí cruinnithe | Tá na seomraí oiriúnach d'ealaíona agus ceardaíocht, don oiliúint, agus do chruinnithe agus ghníomhaíochtaí éagsúla do chách. |
| Halla spóirt | Tá an halla spóirt oiriúnach do spóirt éagsúla, lena n-áirítear an badmantan (ceithre chúirt), an chispheil, an eitpheil (oiriúnach don tsraith shinsearach), agus an sacar futsal. |
| Mol cruinnithe pobail | Spreagann an mol grúpaí nua chun an t-ionad a úsáid chun cruinnithe beaga a thionól saor in aisce le linn dóibh a bheith |
| Naíolann Phobail | Tá seirbhís réamhscolaíochta pobail dá chuid féin curtha ar fáil ag an |
| Páirc shaorga uisce-bhunacha | Tá páirc uile-aimsire ar mhéid na hiomaíochta againn agus soláthraímid áiseanna do líon mór clubanna spóirt áitiúla ar nós an haca, an CLG agus na peile. |
| Giomnáisiam le sabhna agus seomra | Tá giomnáisiam lánfheistithe den scoth ag an ionad le breis agus 1,000 ball. |
| Sraith chorpacmhainne agus damhsa | Tá seomra aclaíochta againn le haghaidh damhsa agus gníomhaíochtaí aclaíochta. Eagraímid roinnt ranganna folláine intí agus an oiliúint phearsanta chomh maith. |
